

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Cuspóir tábhachtach don Chomhairle Mhúinteoireachta cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn faoina ndéantar an taighde agus an treoirchleachtas a spreagadh agus a fheidhmiú sa seomra ranga. Tugann Sraith Taighde CROÍ sraith tionscnamh le chéile trína mbeadh sé i gceist ag an gComhairle an sprioc sin a bhaint amach. Trí bhíthin CROÍ, tá an Chomhairle ag iarraidh plé fóinteach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ar fad lena chinntiú, maidir leis an taighde ardchálíochta ar fad a dhéanann múinteoirí, go mbraithfear a thionchar san áit is mó a theastaíonn sé – in eispéiris teagaisc agus foghlama ár gcuid páistí, daoine óga agus foghlaimeoirí aosacha.

SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN

Chun an ceangal idir an taighde agus an cleachtas a fhorbairt tuilleadh, óstálann an Chomhairle Mhúinteoireachta seimineáir ghréasáin do mhúinteoirí ar thopaic atá ábharthach dá ngairm, ar nós, mar shampla, foghlaim ghairmiúil, teagasc traschuraclaim agus an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhuscoil. Labhair an tOll. Michael Fullan, a bhí clú agus cáil idirnáisiúnta air, ag an gcéad seimineár gréasáin i Sraith Taighde CROÍ. Beidh seimineáir ghréasáin eile faoin bhfolláine agus faoin bhfoghlaim ar bhonn fiosraithe ar siúl sna míonna romhainn.

RÍOMHIRISÍ

Eisíonn an Chomhairle ríomhirisí taighde go rialta chuig breis agus 96,000 múinteoir. Is gnách go mbíonn baint ag gach ríomhiris le téama an chéad seimineáir ghréasáin eile, rud a thugann deis do mhúinteoirí léamh faoin topaic roimh ré. Bíonn tóir ar na ríomhirisí sin, agus meánráta oscailte 75% acu.

Is iomaí múinteoir faoi oiliúint a théann i mbun taighde mar chuid dá n-eispéireas socrúcháin scoile, rud a luíonn le caighdeán na Comhairle i leith oiliúint tosaigh múinteoirí. Ar mhaithe le torthaí an taighde seo ar fad a chur ar fáil ar an mbonn is forleithne is féidir, d'eisigh an Chomhairle ríomhiris níos luaithe i mbliana ina raibh achoimrí ar an taighde sin atá déanta ag na múinteoirí faoi oiliúint. Meastar go leanfar den nós.

PACÁISTE FOINSE OIDEACHAIS EBSCO

Bíonn rochtain saor in aisce ag gach múinteoir cláraithe ar phacáiste Foinse Oideachais EBSCO, agus ar bhailiúchán ríomhleabhar. Is acmhainn iontach í a thugann tacaíocht phraiticiúil do gach múinteoir atá ag iarraidh a bheith i dteagmháil leis an smaointeoireacht is úire agus leis an bhfianaise is déanaí faoi raon leathan saincheisteanna oideachasúla. Is ar iarratas ó mhúinteoirí a bhí ag lorg rochtain níos éasca ar thaighde agus deiseanna don phlé criticiúil le taighde a cuireadh ar fáil é.

RESEARCH ALIVE! COMHFHIONTAR

Bíonn an grúpa *Research Alive!* ag comhoibriú le chéile ar mhaithe le húsáid an taighde sa chleachtas oideachais a chur chun cinn, agus le múinteoirí a chur ag comhroinnt a gcuid taithí ar fheidhmiú an taighde ina gcuid oibre. Rinne an grúpa *Research Alive!* comhóstáil ar Lá Foghlama Comhroinnte, i Márta 2017.

Comhfhiontar atá in *Research Alive!* idir an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA/CNCM) agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha/ Centre for Effective Services (CES). (<http://www.effectiveservices.org/work/article/research-alive/>).

RESEARCHMEET

Mar chuid den cheiliúradh náisiúnta múinteoireachta, FÉILTE, eagraítear *Researchmeet*, cruinniú taighde a thugann deis do mhúinteoirí cuir i láthair ghearra a dhéanamh i bhformáid chairdiúil inrochtana, faoi thaighde atá ar siúl acu nó curtha i gcrích. Léiríonn na cuir i láthair sin tionchar agus ábharthacht an taighde do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do thuismitheoirí.

AN CREAT TACAÍOCHTA TAIGHDE

Cuireann Creat Tacaíochta Taighde na Comhairle €100,000 ar fáil gach bliain chun tacú le foghlaim ghairmiúil leanúnach múinteoirí, ag éirí as a gcuid gníomhaíochtaí taighde agus as a gcuid plé le taighde. Tá trí snáithe ag an gComhairle a thacaíonn le comhroinnt an taighde reatha.

TAIGHDE COIMISIÚNAITHE

Déanann an Chomhairle taighde a choimisiúnú mar thaca don fhorbairt beartais. Go dtí seo bhí taighde ar na riachtanais iontrála d'oilíúint tosaigh múinteoirí san áireamh ansin, mar aon le *Droichead*. Tá mórfhiosa taighde fadaimseartha i dtús pleanála faoi láthair, ar eispéireas na múinteoirí nuacháilithe.

LEATHANAIGH TAIGHDE AR SHUÍOMH GRÉASÁIN NA COMHAIRLE MÚINTEOIREACHTA

Cuireann suíomh gréasáin na Comhairle neart eolais ar fáil do mhúinteoirí agus do thaighdeoirí oideachais, comhairle maidir le comhroinnt taighde agus eolas faoi fhoinsí maoinithe taighde, mar shampla.

Tá na sonraí ar <http://www.teachingcouncil.ie/ga/Taighde/>.

